Seachtain Idirchultúrtha 19-25 Márta 2006
(Lá idirnáisiúnta in Éadan Idirdhealú Ciníoch san áireamh, 21 Márta 2006)

Fáilte

Is é Márta 19-25 Seachtain Idirchultúrtha in Éirinn, Tuaisceart agus Deisceart. Tá an seachtain bunaithe ar an lá atá ainmnithe ag na Náisiún Aontaithe mar **Lá Idirnáisiúnta in Éadan Idirchealú Ciníoch** (21 Márta)

Tugann an Seachtain Idirchulturtha agus an Lá Idirnáisiúnta in Éadan an Chiníochais fail thábhachtach d'eagraíochtaí reachtúla, neamhrialtais, óige, forbartha, pobail, spóirt agus na meáin chumarsáide imeachtaí a reachtáil a dhíríonn ar an éagsúlacht in Éirinn, Tuaisceart agus Deisceart.

Is é príomhthéama na Seachtaine i 2006 ná '***Rannpháirtíocht***'.

Is ceann de sé aidhmeanna atá na Straitéise um Comhionannas Ciníoch agus ceann de na cúig eochar-théamaí atá ag an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta in Éadan an Chiníochais in Éirinn, í an ***Rannpháirtíocht*** (foilsíodh an dá chaipéis seo i 2005).

Is éarad atá i gceist le ***Rannpháirtíocht*** ná rannpháirtíocht agus mothú úinéireachta na daoine gurb as mionlachaí eitneacha iad a mhéadú sa saol poiblí, polaitiúil, eacnamaíoch agus cultúrtha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

Faoi théama na seachtaine beidh fócas ar ***rannpháirtíocht i***:

- Príomh-sheirbhísí poiblí: oideachas, sláinte, fostaíocht agus poilíneacht san áireamh
- Forbairt pobail i gceantair áitiúla
- Próisis pholaitiúla agus poiblí (Daonáireamh 2006 i bPoblacht na hÉireann)
- An saol soisialta agus cultúrtha
- An spórt
- Scoileanna agus coláistí
- Na meáin chumarsáide

Cá atá ag comhordú na seachtaine?

Is tionscnamh Thuaidh/Theas í an Seachtain Idirchultúrtha atá comhorduithe ag Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann (ECNI) agus an Coiste Náisiúnta Comhairleach ar Chiníochas agus Idirchultúrachas (NCCRI) in Éirinn.

Cad é a bheidh ag titim amach le linn Seachtain Idirchultúrtha 2006?

Beidh réimse leathan imeachtaí ag titim amach le linn na seachtaine. Beidh go leor eagraíochtaí ag eagrú a n-imeachtaí féin. Cur ar an eolas muid le do thoil, más speis leat imeacht a eagrú. Tá liosta smaointe ag deireadh na bileoige eolais seo.

I measc na h-imeachtaí agus tionscnaimh atá eagraithe do Mhárta 2006 cheana féin tá:

- Leabhrán achmhainní oideachais saor in aisce fá dtaobh den éagsúlacht eitneach in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.
- Leabhrán comhairleach saor in aisce ar an dóigh le comhairle a iarraidh agus le gearán a dhéanamh in éadan an chiníochais i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn.
- Postaeir agus cártaí poist Seachtain Idirchultúrtha atá saor in aisce.
- Comhdháil idirnáisiúnta i mBéal Feirste ag díriú ar an dóigh gur féidir le seirbhísí poiblí freagairt dhearfach a dhéanamh ar an éagsúlacht le taighde nua ar Éireann, Thuaidh agus Theas agus Albain.
- Comórtas filíochta do scoileanna.
- Seimineár i mBaile Átha Cliath ag díriú ar rannpháirtíocht na mionlachtaí eitneacha sa Daonáireamh 2006.
- Feachtas eolais agus rannpháirtíocht mar théama aige, sa Tuaisceart agus sa Deisceart.
- Tionscnaimh ag tabhairt dushláin an mhí-eolais fá dtaobh de grúpaí ar nós lucht iartha tearmainn, an lucht taistil agus oibrithe imirceacha.
- Fleadh scannáin idirchultúrtha.
- Tionscnaimh dírithe ar an phoilíneacht.
- Tionscnaimh dírithe ar an spórt.

Smaointe fá choinne gníomhaíochtaí le linn Seachtain Idirchultúrtha/Lá Idirnáisiúnta in Éadan an Chiníochais

Seo a leanas roinnt moltaí i leith imeachtaí

- Eagraigh imeacht i do scoil, coláiste, áit oibre le teacht le Seachtain Idirchultúrtha.
- Eagraigh imeacht idirchultúrtha lóin/tráthnóna a bhaineann tairbhe as buanna daoine a oibríonn leat as cultúir dhifriúla
- Eagraigh díospóireacht ar théama an chiníochais/éagsúlacht eitneach nó ar ábhar ceangailte leo ar nós an imirice.
- Déan polasaí nó foilseachán a bhaineann le téama na seachtaine a lainseáil.
- Eagraigh seisiún traenála bunaithe ar an frithchiníochas/idirchultúrachas

- Déan ceangail le h-eagraíochtaí pobail áitiúla le imeacht a eagrú.
- Eisigh préas ráiteas leis an Seachtain Idirchultúrtha a aithint agus le aird a dhíriú ar roinnt de na príomh imeachtaí.
- Tabhair dushlán na miotais agus an mhí-eolais a bhaineann le grúpaí ar nós oibrithe imirceacha, lucht iarrtha tearmainn agus an lucht taistil.
- Tarraing aird ar aidhmeanna na Seachtaine Idirchultúrtha i measc na grúpaí, cliaint nó custaiméirí a mbíonn teangbháil agat leo trí póstaeir a chrochadh.

Déan teangbháil linn

*Bain úsáid as **foirm iarratais ríomhphoist** más mian leat ábhair poiblíochta a ordú nó inis dúinn faoi imeacht atá á eagú agat.*

Más rud é go bhfuil imeacht á eagrú agat cuir **ríomhphoist** chugainn leis an t-eolas roimh 7 Márta 2006. Bíodh na sonraí seo leis le do thoil:

- Ainm na himeachta
- Ainm na heagraíochta
- Duine teangbhála
- Sonraí teangbhála
- An áit ina mbeidh sé ag titim amach.
- Cá huair a mbeidh sé (Dáta agus am)
- Cé gur féidir leo páirt a ghlacadh ann.
- Táille (más gá)

Más gá duit dul i gteangbháil linn cur ríomhphost chuig **information@equalityni.org** (Tuaisceart Éireann) nó **info@nccri.ie** (Éireann) nó

Coimisiún Comhionnanais
Equality House
7 – 9 Shaftesbury Square
Béal Feirste
BT2 1DP
Fón: 0044 (0) 28 90500600
Fács: 0044 (0) 28 90331544
Téacs-fón: 028 90500589

NCCRI
Third Floor
Jarvis House
Jarvis Street
Baile Átha Cliath
Fón: 353 (0)1 8588000
Fács: 353 (0)1 8727621